Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9918/22**
**ADD 1**

**DENLEG 41**
**FOOD 39**
**SAN 369**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D080145/03 IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hocsaíd eitiléine a bheith i mbreiseáin bhia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D080145/03 IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: D080145/03 IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/10004/2022 ANNEX
(POOL/E2/2022/10004/10004-EN
ANNEX.docx) D080145/03
[…](2022) XXX draft

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hocsaíd eitiléine a bheith i mbreiseáin bhia**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs réamhráitigh '*Nóta:* Ní fhéadfar ocsaíd eitiléine a úsáid chun críoch steirilithe i mbreiseáin bhia':

'Ní fhéadfar ocsaíd eitiléine a úsáid chun críoch steirilithe i mbreiseáin bhia.

Ní bheidh iarmhar os cionn 0,1 mg/kg, beag beann ar a thionscnamh d'ocsaíd eitiléine (suim ocsaíd eitiléine agus 2-clórai-eatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine*) ann i mbreiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, lena n-áirítear meascáin de bhreiseáin bhia.

---

* i.e. ocsaíd eitiléine + 0,55* 2-clórai-eatánól.';

(2) sna hiontrálacha le haghaidh E 431 stéaráit pholocsa-eitiléine (40), E 432 monaláráit soirbíotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 20), E 433 mona-óláit soirbíotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 80), E 434 monapalmatáit soirbíotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 40), E 435 monaistéaráit soirbíotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 60), E 436 trístéaráit soirbíotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 65), E 1209 comhpholaiméir nódaithe alcóil polaivinile-gliocól poileitiléine agus E 1521 gliocól poileitiléine, faoin sonraíocht 'Íonacht', scriostar an ró 'Ocsaíd eitiléine'.